COISTE NA RÉIGIÚN

Tá Coiste na Réigiún comhdhéanta de 329 gcomhalta a dhéanann ionadaíocht d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh. Eisíonn sé tuairimí a lorgaítear ar bhonn comhairliúchán éigeantach (mar a cheanglaítear sna Conarthaí) agus toilteanach agus, i gcás inarb iomchuí, eisíonn sé tuairimí féintionscnaimh. Níl a chuid comhaltaí faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha Tá siad neamhspleách i gcomhlíonadh a ndualgas, rud atá chun leas ginearálta an Aontais.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 13(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), Airteagal 300 agus Airteagal 305 go hAirteagal 307 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus cinntí éagsúla ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Choiste mar a mhol na Ballstáit, dá dtéarma oifige cúig-bliana.

CUSPÓIRÍ

Comhlacht comhairleach is ea Coiste na Réigiún (CR), a cruthaíodh in 1994, tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Maastricht, agus déanann sé ionadaíocht ar leasanna údarás réigiúnach agus áitiúil san Aontas Eorpach agus tugann sé tuairimí thar a gceann don Chomhairle agus don Choimisiún. Is féidir leis na comhaltaí a bheith, mar shampla, ina gceannairí ar údaráis réigiúnacha, ina méaraí nó ina n-ionadaithe tofa nó neamhthofa ar réigiúin agus cathracha 27 mBallstát AE.

Mar a deirtear ina ráiteas misin, is éard atá in CR ná tionól polaitiúil de dhaoine a bhfuil sainordú toghchánach réigiúnach nó áitiúil acu a shaothraíonn ar son lánpháirtiú na hEorpa. Cuireann sé ionadaíocht institiúideach ar fáil do limistéir chríochacha, réigiúin, cathracha agus bardais uile AE.

Is é misean CR ná údaráis réigiúnacha agus áitiúla a dhéanamh páirteach i bpróiseas cinnteoireachta na hEorpa agus, dá réir sin, níos mó rannpháirtíochta a spreagadh ó thaobh na saoránach de.

Chun an ról sin a chomhlíonadh níos fearr, tá an ceart á lorg le fada an lá ag CR chun cásanna ina ndéantar sárú ar phrionsabal na coimhdeachta a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Agus Conradh Liospóin tagtha i bhfeidhm, tá an ceart sin aige anois faoi théarmaí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

I réimse an bheartais comhtháthaithe, díríonn Coiste na Réigiún, lena Choimisiún um Beartas Comhtháthaithe Chríochaigh (COTER), ar mheastóireacht a dhéanamh ar thoradh na gcaibidlíochtaí maidir le comhaontuithe comhpháirtíochta agus cláir oibriúcháin, agus ar phrionsabal na comhpháirtíochta a chomhlíonadh i gcomhthéacs chlársceidealú CSIE do 2014-2020, agus ar na tuarascálacha faoin gcomhtháthú ón gCoimisiún chomh maith. I measc na n-ábhar eile, tá an tsoghluaisteacht i réigiúin faoi mhíbhuntáiste geografach agus déimeagrafach agus an dá straitéis mhacrairéigiúnacha maidir leis an réigiún Aidriadach-Iónach (EUSAIR) agus maidir le Réigiún na nAlp (EUSLAP).

EAGAR

A. Comhdhéanamh (Airteagal 305 CFAE, Cinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle[1])

1. Líon agus leithdháileadh náisiúnta na suíochán

I gcomhréir le forálacha Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019, comhdhéantar Coiste na Réigiún de 329 gcomhalta agus an líon céanna comhaltaí malartacha, arna roinnt idir na Ballstáit mar a leanas:

— 24 an ceann don Ghearmáin, don Fhrainc agus don Iodáil;

— 21 an ceann don Pholainn agus don Spáinn;

— 15 don Rómáin;

— 12 an ceann don Bheilg, don Bhulgáir, don Ghréig, don Ísiltír, don Ostair, don Phortaingéil, don tSeicia, don tSualainn agus don Ungáir;

— 9 an ceann don Chróit, don Danmhairg, d'Éirinn don Fhionlainn, don Liotuáin agus don tSlóvaic;

— 7 an ceann don Eastóin, don Laitvia agus don tSlóivéin;

— 6 an ceann don Chipir agus do Lucsamburg

— 5 do Mhálta.

2. An modh ceapacháin

Déanann an Chomhairle comhaltaí a cheapadh ar feadh cúig bliana, ag gníomhú di d'aontoil ar thograí arna ndéanamh ag an mBallstát lena mbaineann (Airteagal 305 CFAE). Don tréimhse ón 26 Eanáir 2015 go dtí an 25 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Choiste. An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102, inar cheap sí freisin na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a bhfuair sé tograí ina leith ón mBallstát lena mbaineann tar éis an 20 Nollaig 2019, Téarma oifige in-athnuaite atá ann. Ní mór do na comhaltaí sainordú toghchánach réigiúnach nó áitiúil a bheith acu, nó ní mór dóibh a bheith freagrach go polaitiúil do thionól tofa (Airteagal 300(3) CFAE). Gach uair a thagann folúntas aníos ar CR ag deireadh théarma oifige comhalta nó comhalta mhalartaigh (e.g. ag deireadh an tsainordaithe

réigiúnaigh nó áitiúil a bhí ina bhunús leis an gcomhalta a chur chun tosaigh), bíonn gá le cinneadh ar leithligh ón gComhairle.

B. Struchtúr (Airteagal 306 CFAE)

Déanann Coiste na Réigiún a Uachtarán agus a oifigigh a thoghadh as líon a chomhaltaí ar feadh téarma dhá bhliain go leith. Glacann sé a Rialacha Nós Imeachta agus cuireann sé faoi bhráid na Comhairle iad lena bhformheas (arna nglacadh go deireanach ar an 31 Eanáir 2014 ar bhonn Airteagal 306 CFAE). Roinntear obair an Choiste idir sé choiste speisialaithe a tharraingíonn suas dréacht-tuairimí agus dréachtrúin a thíolactar ina dhiaidh sin lena nglacadh i seisiún iomlánach. De ghnáth, tionólann sé sé sheisiún iomlánacha sa bhliain.

Bíonn Uachtarán an tionóil ina chathaoirleach ar an seisiún iomlánach (Airteagal 306 CFAE), agus is iad príomhfheidhmeanna an tseisiúin ná tuairimí, tuarascálacha agus rúin a ghlacadh, dréachtmheastacháin ar chaiteachais agus ioncaim an Choiste a ghlacadh, clár polaitiúil an Choiste a ghlacadh ag tús gach téarma, an tUachtarán, an Chéad Leas-Uachtarán agus comhaltaí eile an Bhiúró a thoghadh, coimisiúin um beartas a chur ar bun laistigh den institiúid, agus Rialacha Nós Imeachta an Choiste a ghlacadh agus a athbhreithniú.

Ar mhaithe leis an éifeachtúlacht, déantar cuid de sheirbhísí a bhuan-Rúnaíochta ag a shuíomh sa Bhruiséil (féach Prótacal Uimh. 6 maidir le suímh institiúidí an Aontais Eorpaigh, suímh comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh a shocrú) a roinnt le Rúnaíocht Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Chomhaontaigh Biúró na Parlaiminte freisin le CR, faoi chuimsiú nós imeachta buiséadach 2014, go ndéanfaidís gnóthachain éifeachtúlachta i réimse an aistriúcháin a bhaint amach le chéile. Bhí ag Coiste na Réigiún (Roinn 7 de bhuiséad AE) buiséad riaracháin de thuairim agus EUR 96 mhilliún don bhliain 2018.

CUMHACHTAÍ

A. Tuairimí a eisiúint arna iarraidh sin ag institiúidí eile

1. Comhairliúchán éigeantach

Ceanglaítear ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún sula ndéantar cinntí ar ábhair a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— an t-oideachas, an ghairmoiliúint agus an óige (Airteagal 165 CFAE);

— cultúr (Airteagal 167 CFAE);

— an tsláinte phoiblí (Airteagal 168 CFAE);

— an t-iompar tras-Eorpach, an teileachumarsáid agus gréasáin fuinnimh (Airteagal 172 CFAE);

— comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta (Airteagal 175, Airteagal 177 agus Airteagal 178 CFAE).

2. Comhairliúchán toilteanach

Féadfaidh an Coimisiún, an Chomhairle agus an Pharlaimint dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún freisin maidir le haon ábhar eile de réir mar is cuí leo.

Nuair a théann an Pharlaimint, an Chomhairle nó an Coimisiún i gcomhairle le Coiste na Réigiún (bíodh sé sin ar bhonn éigeantach nó toilteanach), féadfaidh siad teorainn ama a shocrú (mí amháin ar a laghad i gcomhréir le hAirteagal 307 CFAE) dá fhreagra. Má théann an sprioc-am in éag gan aon tuairim a bheith eisithe, féadfaidh siad dul ar aghaidh gan tairbhiú d'aon tuairim.

B. Tuairim a eisiúint ar a thionscnamh féin

1. Nuair a théitear i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, cuirtear Coiste na Réigiún ar an eolas agus féadfaidh sé tuairim a eisiúint freisin ar an gceist má mheasann sé go bhfuil sí bainteach le leasanna réigiúnacha.

2. Mar riail ghinearálta, féadfaidh CR tuairim a eisiúint aon uair a mheasann sé gurb iomchuí déanamh amhlaidh. Rinne an Coiste, mar shampla, tuairimí a eisiúint ar a thionscnamh féin sna réimsí seo a leanas: fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), gréasáin thras-Eorpacha, an tuarasóireacht, cistí struchtúracha, an tsláinte (an comhrac i gcoinne drugaí), an tionsclaíocht, an fhorbairt uirbeach, cláir oiliúna agus an comhshaol.

C. Tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais — athbhreithniú breithiúnach ex post

Féadfaidh an Coiste freisin imeachtaí a thionscnamh os comhair na Cúirte Breithiúnais chun na sainchumais a leithdháiltear air a choimirciú (Airteagal 263(3) CFAE). Is é sin le rá, féadfaidh sé imeachtaí a thionscnamh os comhair na Cúirte Breithiúnais má mheasann sé nach ndeachthas i gcomhairle leis nuair ba cheart go ndéanfaí amhlaidh nó murar cuireadh na nósanna imeachta comhairliúcháin i bhfeidhm i gceart (neamhniú gníomhartha (1.3.10)).

Leis an gceart chun imeachtaí a thionscnamh faoi Airteagal 8 den Phrótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, atá i gceangal le Conradh Liospóin, mura ndearnadh nósanna imeachta comhairliúcháin a chur i bhfeidhm i gceart, cuirtear ar chumas Choiste na Réigiún a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais a fhionnadh an ndéantar le gníomh reachtach a thagann faoi raon inniúlachta an Choiste prionsabal na coimhdeachta a chomhlíonadh.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Le Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa (Iarscríbhinn VI, pointe XII), cuirtear de fhreagracht ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) caidreamh a chothabháil le Coiste na Réigiún, le heagraíochtaí comhair idir-réigiúnaigh agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha.

Faoin gComhaontú um Chomhar idir Parlaimint na hEorpa agus CR an 5 Feabhra 2014:

— Ullmhaíonn CR measúnaithe tionchair ar reachtaíocht AE atá beartaithe, a chuireann sé chuig an bParlaimint i dtráth cuí roimh thús an nós imeachta maidir le leasuithe. Áirítear sna measúnaithe tionchair, sonraí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir leis an gcaoi a bhfuil ag éirí leis an reachtaíocht atá

ann cheana, mar aon le tuairimí i dtaobh feabhas a chur ar an reachtaíocht atá beartaithe.

— Tugtar cuireadh do chomhalta amháin ó CR teacht chuig na cruinnithe coiste ábhartha uile sa Pharlaimint. Déanann an rapóirtéir nó an t-urlabhraí sin tuairimí CR a chur i láthair. Ar an mbonn céanna, féadann rapóirtéirí na Parlaiminte freastal ar chruinnithe coiste de chuid CR;

— Déantar an comhar reachtach ginearálta agus an plean oibre a phlé faoi dhó sa bhliain agus is iad Cathaoirleach Chomhdháil Chathaoirligh na gCoistí sa Pharlaimint agus an t-oifigeach leis an gcúram céanna i gCoiste na Réigiún a dhéanann an plé sin.

Ó 2008 i leith, déanann Coiste REGI agus COTER cruinniú comhpháirteach bliantúil a eagrú faoi chuimsiú ócáid ‘Laethanta Oscailte: Seachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha’.

Udo Bux
02/2020